

Oisín i dtír na nÓg | A1 Notes

Na Carachtair:

Oisín: Is é Oisín príomhphearsa an scéil. Is laoch cróga é (*brave hero*). Bhí sé ina bhall de na Fianna, an grúpa cáiliúil. Ba é Fhionn a athair, agus bhí gaol cóngarach (*close relationship*) acu. Ar ndóigh, bhí an-chion acu ar a chéile (*they were very fond of each other*). Bhain sé clú agus cáil amach dá mhisneach (*bravery*) agus dá neart (*strength*). Chuala Niamh raflaí mar gheall air (*rumours about him*). Thit sé i ngrá léi ar an toirt (*immediately*) nuair a chonaic sé í agus theastaigh uaidh dul léi. É sin ráite (*that said*), bhí sé an dílis (*loyal*) don Fhianna agus níor theastaigh uaidh iad a thréigean (*he didn't want to abandon them*). Bhí sé idir dhá chomhairle (*in two minds*). Ar deireadh thiar thall (*eventually*) d'fhág sé le Niamh.

Is léir gur duine cabhrach é, mar nuair a fhilléann sé ar ais ar Éirinn, cabhraíonn sé leis an ngrúpa fear a bhí ag streachailt (*struggling*) chun cloch mhór a bhogadh. Scaoileann sé saor iníon Rí na mBeo freisin. Chomh maith leis sin, tuigimid gur duine mór, tréan (*strong*) é agus cuireann a neart iontas (*amazes*) ar an ngrúpa fear, bhí ardmheas acu air. Bhí sé in ann an chloch mhór a phiocadh suas leis féin, dochreidte!

Áfach, tarbhsítear dom (*it appears to me*) gur duine ceanndána é. Ní éisteann sé leis an gcomhairle (*advice*) a thugann Niamh di. Téann se ar ais chuig Éirinn ar thóir na féinne (*in pursuit of the Fianna*). Fágann sé a shaol foirfe i dtír na nÓg lena mhac Oscar agus a iníon Plor na mBan. Ansin tarlaíonn an tubaiste cáiliúil (*titeann sé den capall*) agus eiríonn sé ina sheanfhear lithe. Is trágóid daonna é sin agus braithimid trua dó (*we feel pity for him*). Tá codarsnacht truamhéileach (*pitiful contrast*) idir Oisín óg agus Oisín mar sheanfhear. Tráth bhí sé cumhachtacht (*powerful*), beomhar (*lively*) agus neamhspleách (*independent*) ach anois tá sé uaigneach agus ag brath ar dhaoine eile.

Niamh: Is duine álainn í Niamh Chinn Oír, agus úsáideann sí an áilleacht seo chun Oisín a mhealladh (*attract*). Úsáidtear íomhánna as dúlra (*images from nature*) chun cur síos a dhéanamh uirthi. Tógaimís mar shampla; bhí "a gormshúile mar dhruact ar bharr an fhéir". Bhí

sí chomh álainn gur stop gach duine ag seilg (*hunting*) nuair a chonaic siad í, agus baineadh stangadh astu (*they were astounded*). I dtír na nÓg thug sí grá éagmhaiseach (*unrequited love*) d'Oisín.

Ar a bharr sin, is bean chumhachtach, teaspach (*fiery*) í. Bhagair sí tríoblóid do na fianna mura rachadh Oisín léi (*she threatened trouble for the Fianna if Oisín didn't go with her*). Cé gur laoch mór láidir é Oisín, ghéill sé (*he surrendered*) d'órdú Niamh agus d'imigh sé léi. Bhí go leor freagrachtaí aici. Mar shampla, bhí ar a dualgas aici (*it was her responsibility*) dul ar ais chuig tír na nÓg. Pé scéal é, is bean mhistéireach (*mysterious*) í Niamh. Tá an-chuid cumhachtaí ós-nádurtha (*supernatural powers*). Mar shampla, tá sí in ann an todhchaí a thuar (*predict the future*). Déanann sí tairngeorachtaí (predictions) ag críoch an scéil. Deireann sí go dtarlóidh rud uáfasach dá dtitfeadh Oisín den chapall. Bhí an ceart aici.

Is bean ghrámhar í, leis. Tá dúil (*liking*) mhór aici ar a fear céile agus caitheann siad blianta fada ceannúla le chéile, ar a suaimhneas (*at their ease*) i dtír na nÓg. Tá imní an domhain uirthi (*worry*) nuair a théann sé abhaile chuig Éirinn. Impíonn sí air fanacht i dtír na nÓg (*she implores him*) ach tá sé fánach aici (*it is futile*).

Téama: I mo thuairim mhacánta (*in my honest opinion*), is é grá an téama is mó sa phíosa finscéalta (*mythology*) seo. Tá cúpla saghais grá le feiscint anseo.

Ar an gcéad dul síos, tá an grá romansúil go mór chun tosaigh, go háirithe sa chaidreamh speisialta idir Niamh agus Oisín. Tá sé soléir go raibh sí i ngrá leis mar rinne sí turas fada chun buaileadh leis. Bhain an lánúin (*couple*) suilt as a saol i dtír na nÓg, agus chaith said an t-am ag ceiliúradh agus ag spaisteoireacht (*wandering*) agus níor imigh siad san aois (*they didn't age*). Bhí said ar mire le háthas (*mad with happiness*).

Ar an dara dul síos, tá grá clainne suntasach sa scéal seo. Bhí cuimhní deasa (*nice memories*) ag Oisín, ag baint leis na huaire a chaith sé ag seinm ceoil, ag seilg agus ag dul i mbun comhraic lena dhaid. Mhothaigh sé uaidh a athair. (*He missed his dad*). Dá bhrí sin, bheartaigh sé chun cuairt a thabhairt air, in Éirinn.

Mar fhocail scoir, tá samplaí de grá áite sa scéal seo (*love of place*). Rugadh agus togadh Oisín in Éirinn agus is léir go raibh sé faoi gheasa ag an tuath (*spellbound*). B'aoibhinn leis na cnoic,

na habhainn agus na machairí móra fairsinge (*the wide open plains*). Bhí brón ar a chroí chun a áit dúchais (*native place*) a fhágáil. Áfach, nuair a shroich sé ar thír na nÓg, thit sé i ngrá leis freisin. San áit draíochtúil sin, bhí na crainn lán le torthaí (*trees full with fruit*).

Tréithe Béaloidis:

Forlámhas na mban (strength of women): Sna seanlaethanta bhí meon difriúil (*different outlook*) i leith na mban agus bhí uaisleacht (*nobility*) agus cumhacht ag baint leo. Is carachtar láidir í Niamh agus cuireann sí iachall (*forces*) ar Oisín dul léi, cé go mbíonn drogall air (*reluctant*) Eirinn a fhágáil.

Chríostaíocht: Nuair a tháinig na manaigh (*the monks*) go hÉireann scríobh siad síos na finscéalta págánach áitiúil. Ansin d'athraigh siad iad chun na gnáthdaoine (*ordinary people*) a iompú (*to convert*). Mar shampla, sa scéal seo, buaileann Oisín le Naomh Phádraig, an chéad bhall de na críostaithe in Éirinn. Cuireann sé beannacht ar Oisín.

Fearúlacht agus Foréigean (manliness and violence): Chuir na Fianna ard-bhéim ar an bhfearúlacht. M.s Chaith siad an t-am ar fad amach ag seilg nó ag troid agus bhí siad an-shláintiúil agus aclaí (*fit*). Tá an scéal seo breac le foréigean (*spotted with...*) m.s i rith an turais go dtí Tír na nÓg, buann sé troid in aghaidh an 'Fómhar Builleach' agus baineann sé a cheann de (*he chops off his head*).

Draíocht agus Aibhéil (Magic and Exaggeration): Tá an tréith seo le fáil tríd an scéil ar fad. Mar shampla, tá an capall bán in ann eitilt, i dtír na nÓg ní thagann meath nó aois (*age or decline*) ar éinne agus ní raibh trí chéad fear in ann cloch amháin a bhogadh! Is dócha go raibh samhlaíocht (*imagination*) iontach ag an údar.

Uimhreacha speisialta: Tráth dá raibh (*once upon a time*) bhí na huimhreacha 3, 7 agus 10 an-tábhachtach agus dá bhrí sin tá siad le fáil i ngach áit sa scéal seo m.s thug Niamh trí rabhadh (*warnings*) d'Oisín., chaith siad deich n-oíche ag céilúradh agus tháinig trí chaogaid laochra agus cailíní chun fáilte a chur roimh Oisín agus Niamh.